CAIBIDIL 3 IOMPAR AGUS CUMARSÁID.

3.1 CÚLRA.

Soláthraíonn an Stráitéis Spásúil Náisiúnta roinnt de phrionsabail stráitéiseacha atá mar bhonn taca ag an cur chuige náisiúnta ó thaobh aithint agus tosaíocht a thabhairt do bhonneagar eacnamaíoch. Is iad na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Réigiún na Teorann a chuireann prionsabail na Stráitéise Pleanála Réigiúnacha i bhfeidhm. Tá Dréachtphlean Forbartha an Chontae mar bhonn taca don Stráitéis Spásúil Náisiúnta, don Phlean Forbartha Náisiúnta agus do na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha trí roinnt Pholasaithe Cumarsáide agus Iompair a bhunú agus trí ghréasáin fhisiciúla shonracha réigiúnacha an bhonneagair, macasamhail bóithre, iompar phoiblí, fuinneamh agus cumarsáid, a aithint.

Is é suíomh Dhún na nGall ar imeall oileán na hÉireann, a fhad ó Bhaile Átha Cliath agus ó Mhór-Roinn na hEorpa ó thaobh na tíreolaíochta, atá mar shiocair le fada leis an tosaíocht ard a tugadh do rochtain mhaith isteach sa Chontae agus laistigh di. Tugtar tosaíocht ard d'iompar bóthair mar, ceal aon chóras iarnróid, is é an saghas iompair is coitinne a úsáidtear. Is féidir le teileachumarsáid agus teicneolaíocht eolais lámh an uachtair a fháil ar a lán de na fadhbanna a bhaineann le himeallachas agus tá siad an-thábhachtach i bhforbairt an Chontae.

Tá tosaíochtaí náisiúnta d'fhorbairt iompair leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006. Díríonn an stráitéis fhorbartha do Phríomhbhóithre Náisiúnta isteach ar bhealaí ó Bhaile Átha Cliath go Gaillimh, Corcaigh, Luimneach, Port Láirge, Béal Feirste, comh fada leis an teorann, a n-déanfar a bhforbairt ina n-iomláine.

Tuilleadh feabhsúchán mór san áireamh go dtí agus laistigh den Iarthuaisceart:
N2 (Baile Átha Cliath - An Ómaigh - Doire/Leitir Ceanainn).
N3 (Baile Átha Cliath - Béal Tairbirt - Inis Ceithleann - Béal Átha Seanaidh).
N4 (Baile Átha Cliath - Sligeach).
N13 (Doire - Leitir Ceanainn - Srath an Urláir).
N14 (Leifear - Leitir Ceanainn).
N15 (Sligeach - Dún na nGall - Srath an Urláir - Leifear).
N16 (Sligeach – An Blaic (Carraig an Bhuidheachair) - Inis Ceithleann - Béal Feirste).
Tá an N56 (Leitir Ceanainn - An Clochán Liath - Dún na nGall) liostáilte d'obair fheabhsúcháin Bhóithre Náisiúnta den dara grád.

Éascaíonn bóithre neamhnáisiúnacha an dáileadh tráchta laistigh den Chontae agus tá leanúnachas oibreacha feabhsúcháin don ghréasán riachtanach chun cuidiú le forbairt an Chontae.

SPRIOC.
Córais cumarsáide agus iompair éifeachtacha agus shábháilte a sholáthar isteach go dtí agus laistigh den Chontae.

CUSPÓIRÍ.
- Córais cumarsáide agus iompair oiriúnacha agus sábháilte a sholáthar d'úsáideoirí, coisithe san áireamh.
- Rochtain mhaith a sholáthar go dtí na suímh ina bhfuil gníomhaíochtaí móra eacmaíocha.
- Forbairt thuaithe agus uirbeach áitiúil a éascú.

- Tacaíocht a thabhairt do shaoráidí rochtana go dtí oileáin eischósta a bhfuil cónaí orthu.
- Úsáid shábhailte an ghréasáin bóthair a thacú agus a chur chun cinn.
- Acmhainn iompair na mBóithre Náisiúnta agus bealaí straitéiseacha eile a chosaint.
- Tacaíocht a thabhairt do fheabhsúcháin cumarsáide isteach sa Chontae.
- Deireadh a chur le scroigeanna tráchta agus amanna turais agus éagsúlachtaí turais a laghdú.
- Rochtain a fheabhsú go dtí aerfoirt agus poirt farantóireachta.
- Tacaíocht a thabhairt do Thionscnamh Iompair Tuaithe.
- Bóithre faoisimh acmhainneachta don am atá romhainn timpeall ar Gheatabhealach bhaile Leitir Ceanainn a aithint.
- Comharthaíocht a fheabhsú ar fud an Contae ó thaobh fairsingeacht agus cruth.

3.2 POLASAITHE AGUS MOLTAÍ

Bainfear úsaid as cur chuige polasaí trí-dhualach chun dul i ngleic le haidhmeanna agus cuspóirí Iompair agus Cumarsáide.

- Ag díriú isteach, ag leibhéal Réigiúnach agus Náisiúnta, ar fhorbairt ghréasáin stráitéiseach chomhpháirtithe.
- Ag leibhéal Contae, dírítear isteach ar na mórdháilte ceangail agus na bealaí stráitéiseacha laistigh den Chontae.
- Ag Leibhéal forbartha áitiúil a spriocdhírítear ar éarnáil agus ghníomhachtaí atá níos áitiúla laistigh den Chontae

Faoi gach modh, tugtar tosaíocht d'fhorbairt chóras na mbóithre, comh maith le forbairt thuisceanach ar rochtain aeir agus farraige laistigh den Chontae agus an úsáid is fearr gur féidir a bhaint as áiseanna cóngaracha a d'fhéadfadh freastal a dhéanamh ar an Chontae, lena n-áiritear go háirithe na críochfoirt iarnróid ag Sligeach agus Doire. Cuireadh na polasaithe Iompair agus Cumarsáide seo a leanas le chéile chun dul i ngleic le haidhmeanna agus cuspóirí na Comhairle.

POLASAÍ UIMH. TC 1: FORBAIRT GHRÉASÁN BEALAIGH STRÁITÉISEACH.
Cuirfidh an Chomhairle forbairt ghréasán bealaigh stráitéiseach ar aghaidh trí:

(1) Spreagadh agus chur chun cinn forbartha ar na bealaí móra rochtana isteach sa Chontae, i gcomhar leis na húdaráis agus leis na comhlachtaí ó thuaidh agus ó dheas den teorainn. Forbairt cheangal mótarbhealaigh ó Bhaile Átha Cliath agus ó Bhéal Feirste go dtí an Iarthuaisceart i gcoitinne agus Dún na nGall, ach go háirithe, a mholadh, comh maith le huasghrádú a dhéanamh ar cheangal Gaillimh-Sligeach-Doire agus fosta ar cheangal Inis Ceithleann-Bhéal Átha Seanaidh. Glacfaidh an Chomhairle ceannaireacht ar chur chun cinn na dtionscadal seo.

(2) Feabhsú agus cosaint a dhéanamh ar ghréasán na mbóithre náisiúnta sa Chontae tré:

- na bealaí a chur in áirithe agus seilbh a ghlacadh ar na tailte atá riachtanach chun Clár na mBóithre Náisiúnta a chur i bhfeidhim mar atá leagtha síos in Aguisín A, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Teicniúla.
- Forbairt a threorú ar na bóithre de réir Pointe (1) Mír 2.1.5, AG TREORÚ FORBAIRT AR NA BÓITHRE, agus Mír 3.2, Iompar agus Cumarsáid.

(3) Forbairt bealaí neamhnáisiúnacha stráitéiseacha laistigh den Chontae lena n-áiritear ceangail ó phointí thrasnaithe teorann agus aerfoirt agus calaphoirt, bealaí imdháileora aitheanta ar fud an Chontae, agus bóithre ceangail stráitéiseacha. Coinneoidh an Chomhairle na bealaí in áirithe agus glacfaidh sí seilbh ar na tailte atá riachtanach chun Clár Bhóthar Réigiúnach Iomlán an Chontae agus na Bóithre Stráitéiseacha Neamhnáisiúnacha mar atá leagtha síos in Aguisín A, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Teicniúla.

POLASAÍ UIMH. TC2: ROCHTAIN AR FHORBAIRT AITIÚIL

Cuideoidh an Chomhairle le rochtain ar fhorbairt áitiúil, mar a leanas:

(1) Córais comhtháite do bhainistíocht tráchta, seachbhóithre, bóithre faoisimh inmheánacha, páirceáil carranna den tsráid agus beartais cheansú tráchta sna príomhbhailte i ngach toghcheantar a fhorbairt de réir mar aithnítear na riachtanais. Déanfar é seo i gcónasc le hOibreacha Feabhsúcháin Timpeallachta faoi Chlár Athnuachana Bailte agus Sráidbhaile, 2007-2012, lena bheith ullmhaithe agus comhaontaithe ag an Chomhairle laistigh de bhliain ón am a nglacfar leis an Phlean. Déanfar clár páirceáil carranna don Chontae go léir a ullmhú agus a chomhaontú leis an Chomhairle fosta, a dhéanfas riachtanais pháircéala a aithint agus a dhéanfas tosaíocht orthu ar fud an Chontae.

(2) Cur i bhfeidhm a dhéanamh ar chlár trí bliana do bhóithre neamhnáisiúnta, ag tabhairt isteach athchóiriú dromchla, atógáil bóthair, agus scéimeanna comhpháirtíochta pobail. Tá clár úr le bheith ullmhaithe ag an Chomhairle i 2005 an tréimhse iomlan ó 2006 go dtí 2008 a chlúdach agus táthar ag súil go mbeidh níos mó béime ar atógáil bóthair a thaispeáin, san am atá caite, an bhuntáiste foriomláine is mó san fhadtéarma. Ullmhófar clár il-bhliantúil eile don tréimhse iar 2008.

(3) Feabhsúcháin Rochtana a thacaíonn le forbairt éarnálach áitiúil.
- (1) Bealaí turais busa.
- (2) Rochtain go hIonaid Ghiniúint Fostaíochta ar fud an Chontae.
- (3) Rochtain áitiúil go dtí na trí poirt iascaireachta mhóra, na Cealla Beaga, Ailt an Chorráin, agus An Caisleán Nua.

POLASAÍ UIMH. TC3: ROCHTAIN AEIR, FARRAIGE, AGUS IARNRÓID

Beidh an Chomhairle ag lorg forbairt a dhéanamh ar rochtain roghnaithe aeir agus farraige isteach sa Chontae, mar a leanas:

(1) AER

- (1) Na bealaí isteach agus amach as Aerfort Dhún na nGall (Carraig Fhinn) a fheabhsú agus a chothabháil tríd an chlár oibriúcháin bóithre, ar a n-áirítear an t-uasghrárú leanúnach ar bhóthar an R259 ó Chroithlí go hAerfort Dhún na nGall (Carraig Fhinn) agus athailiniú ar achomal R259 chuig an aerfort.
- (2) Tacaíocht a thabhairt do na haerfoirt ag Leath Cheathrúna agus Doire tré chlár feabhsúcháin bóithre i gcúlchríocha na n-aerfort a chur chun cinn.
- (3) Aerstráice a lorg agus a éascú ar Oileán Thoraí.

(2) FARRAIGE

- (1) Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann leis Na Cealla Beaga, Ailt an Chorráin, An Caisleán Nua, Lios na hAille agus Sligeach mar phoirt farraige/iascaireachta chun freastal ar Dhún na nGall. Mar bharr ar an fhíoras

seo déanfaidh an Chomhairle tréaniarracht an gréasán iompair go dtí agus ó na poirt sin a éascú.

(2) Beidh an Chomhairle ag lorg feabhsúchán don ghréasán iompar go dtí na poirt farantóireachta, agus uatha, laistigh den Chontae, (An Caisleán Nua, Bun Cranncha, Ráth Maoláin, Machaire Uí Rabhartaigh, Ailt an Chorráin, An Bun Beag, Toraigh agus Árainn Mhór)

(3) Beidh stráitéis fadtéarmach a lorg ag an Chomhairle chun ceangal farrantóireachta a fhorbairt go hAlbain agus Iarthuaisceart Shasana.

(4) Tá an Chomhairle tiomanta do chlár leanúnach cothabhála agus feabhsúcháin do bhonneagar dá leithéid. Ullmhóidh an Chomhairle Stráitéis Oileáin ag leagaint síos go mionsonrach polasaithe agus cláir faoi leith d'fhorbairt na nOileán.

(3) IARNRÓID.

(1) Beidh an Chomhairle ag lorg na stráitéise seo a leanas ar mhaithe le chun ceangail iarnróid a fhorbairt agus a chothabháil go dtí agus fríd an Chontae.

(2) Rachfar i mbun réamhstaidéir (laistigh de 2 bhliain iar glacadh leis an Phlean Forbartha seo) ar fhéidearthacht ceangail iarnróíd isteach sa Chontae agus fríd an Chontae ar mhaithe leis na costais a bheadh i gceist a aithint, chomh maith leis na bealaí ab fhearr, seirbhísí indéanta agus araile a aithint. Chuirfí an staidéar seo i gcrích i gcomhar le hiomlán na Ranna, gníomhaireachtaí agus údaráis ábhartha ar bhunús trasteorann.

(3) Na bealaí sin den seanghréasán iarnróid laistigh den Chontae, atá go fóill slán, agus struchtúir ar bith a bhaineann leo a chosaint sa dóigh go mbeidh sé nios éasca iad a imeascadh isteach sa ghréasán iompair (nó iad a úsáid mar chosáín coise/rothaíochta) sa mheántréimhse go dtí an fadtéarma.

(4) Tacú go gníomhach le hiarrachtaí Iarnróid Thuaisceart Éireann agus Iarnrod Éireann cothabháil agus forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí iarnróid go Doire agus Sligeach faoi seach.

(5) Tacú go dearfach le hathbhunú nasc iarnróid ar fud fad an líne idir Sligeach agus Gaillimh.

(6) Éascú a dhéanamh ar athbhunú ceangal iarnróid idir Sligeach agus Doire (fríd Dhún na nGall via Leitir Ceanainn) chun go mbeidh seirbhís dhíreach iarnróid ar feadh Bhealach Iompair an Iarthair idir Doire agus Luimneach.

(7) Éascú a dhéanamh ar athbhunú de cheangal díreach iarnróid idir Dún na nGall agus Baile Átha Cliath trí comhoibriú le hiomlán na Ranna, gníomhaireachtaí agus údaráis ábhartha ar bhunús trasteorann.

Lena chois sin, cuirfidh an Chomhairle réamhstaidéar féidearthachta i gcrích maidir le hiarnród comaitéire a chur ar fáil idir Sligeach, Leitir Ceanainn agus Doire.

POLASAÍ UIMH. TC 4: MODHANNA IOMPAIR MALARTACHA

(1) Beidh an Chomhairle ag iarraidh go dtabharfaí tacaíocht do, agus go bhfeabhsofaí Tionscnaimh Taistil Tuaithe agus go ndéanfaí forbairt ar a mhacasamhail céanna i gceantair eile i gcónasc le páirtithe leasmhara eile.

(2) Beidh an Chomhairle ag lorg stráitéis chun iompar poiblí agus modhanna taistil inbhuanaithe eile a chur chun cinn, macasamhail siúl agus rothaíocht, chun athrú ó charranna príobháideacha a spreagadh trí éascú a dhéanamh ar thabhairt isteach tuirlingtphointí agus tógáilphointí do bhusanna agus do tacsaithe a d'fhéadfadh modhanna iompair níos inbhuanaithe a chur chun tosaigh.

(3) Eascóidh an Chomhairle feabhsúcháin chuí ar an ghréasán iompair chun siúl nó rothaíocht a chur chun cinn trí:
(1) Timpistí a laghdú.
(2) Sábháilteacht a fheabhsú.
(3) Rochtain a mhéadú dóibhsean a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta acu.

(4) Caithfidh athbhreithniú ar iompar poiblí agus riachtanais iompair de chineálacha eile a bheidh níos inbhuanaithe a bheith san áireamh i Measúnuithe Iompair Aonair. Baineann sé seo le láithreáin thionsclaíocha agus chónaitheacha, araon. Ba chóir d'fhorbairtí an bonneagar riachtanach ar nós leataobhanna, nascacht idir láithreáin, acomhail agus bealaigh ar féidir le busanna, rothaithe agus coisithe a ghlacadh, a sholáthar.

POLASAÍ UIMH. TC5: FORBAIRT ISTEACH AR BHÓITHRE POIBLÍ.

(1) Tabharfaidh an Chomhairle isteach nós imeachta do Mheasúnú Iompair agus Tráchta (TTA) an Údaráis um Bóithre Náisiúnta ar na Bóithre Náisiúnta (UBN) uilig. D'fhéadfaí go mbeadh Measúnú Iompair agus Tráchta de dhíth d'aon bhóthar sa Chontae, áit a mbeidh an fhorbairt sa bhreis ar thairseacha atá aitheanta i dTreoirlínte Mheasúnú Iompair agus Tráchta an UBN agus cuirfear é seo i bhfeidhim de réir Nósanna Imeachta Mheasúnú Iompair ague Tráchta an UBN.

(2) Beidh an Chomhairle ag iarraidh go mbeidh na caighdeáin theicniúla a bhaineann le forbairt thaobh an bhóthair de réir na gcaighdeán mar atá leagtha amach in Aguisín A, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Teicniúla.

3.3 AG TREORÚ FORBAIRT AR BHÓITHRE.

(1) Bóithre Náisiúnta.

Déanfaidh an Chomhairle cumas iompair agus sábháilteachta na mbóithre náisiúnta a chosaint trí:

- Srian a chur i bhfeidhm i ndáil le líon na bpointí rochtana úra agus níos mó úsaid a bhaint as na pointí rochtana atá ann cheana féin lasmuigh de theora 60csu (mar atá léirithe in **Aguisín A, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Teicniúla**).
- Nósanna Imeachta Údarás Náisiúnta na mBóithre maidir le Measúnú Tráchta agus Iompair a chur mar choinníoll ar iomlán Iarratais Pleanál.

Do chuspóirí pleanala ó thaobh Bainistiú Forbraíochta, (socruithe rochtana), cuirfear Caighdeain na mBóithre Náisiúnta i bhfeidhm ar na bóithre seo a leanas:

- Bóthar Bhun an Droichid-Bhun Crannca (R238) (lasmuigh de phointí rialúcháin)
- Bóthar Ceangail i Leitir Ceanainn ó Thimpeallán Bhóthar Ráth Mealtain go Timpeallán Chnoc na Móna ar an N56.
- Tá mionsonraí de nósanna imeachta an TTA leagtha amach in Aguisín A, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Teicniúla (Mír 2 Iompar agus Cumarsáid).

Caithfear Iniúchadh Sábháilteachta Bóthair a dhéanamh mar pháirt d'aon fhorbairt a bhfuil athrú do leagan amach an bhóthair faoi láthair i gceist de réir Iniúchadh Sábháilteachta Bóthair DMRB[1] HD 19/01. HA 42/01 Treoirlínte d' Iniúchadh Sábháilteachta Bóthair.

[1] Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Droichid. An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta.

Tá beartais laghdú tonnchreatha agus torainn le soláthar san áit gur gá lena chinntiú nach rachfaidh leibhéil an torainn tráchta bóithre sa bhreis ar na tairseacha atá leagtha amach sna treoirlínte.

(2) Bóithre Stráitéiseacha Eile.

Déanfaidh an Chomhairle cosaint ar chumas iompair agus sábháilteachta na mbóithre stráitéiseacha neamhnáisiúnacha atá ansin faoi láthair agus don am atá le teacht, a spreagadh mar atá leagtha síos in Aguisín A, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Teicniúla, fríd fhorbairt éifeachtach de thailte in aice le Bealaí Stráitéiseacha trí phointí rochtana coitianta atá socraithe leis an Chomhairle a aithint agus a chosaint.

3.4 CUMARSÁID.

Príomhfhachtóir i ndul chun cinn shóisialta agus eacnamaíoch sa Chonte ná forbairt ghréasán Cumarsáide agus Eolais atá éifeachtach agus d'ardchaigheán. Tá táhbacht stráitéiseach ag baint le cur ar fáil soláthairtí cumhachta agus gréasáin teileachumarsáide nua-aimseartha i bhforbairt an Chontae agus mar dhóigh le fáil thairis mibhuntáiste choimhneasta an imeallachais.

SPRIOC

Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le forbairt a dhéanamh ar na córais eolais laistigh den Chontae agus comhoibreoidh siad le gníomhaireachtaí soláthair chun nuachóiriú na ngréasán cumarsáide a éascú. Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht do agus déanfaidh sí éascaíocht ar an bhonneagar teileachumarsáide agus leathanbhanda is nua-aimseartha, mar dhóigh le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn.

LEATHANBHANDA

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil sé fíor-riachtanach sochaí eolais a chruthú, ag obair mar chatailís d'fhorbairt chultúrtha, shóisialta, agus eacnamaíoch. Is cuid fíorthábhachtach do bhonneagair an Chontae é an leathanbhanda, a bhfuil rochtain air agus atá laistigh d'acmhainn dhaoine, a sholáthar do thomhaltóirí tráchtála agus cónaithe. Tá tosaíocht stráitéiseach príomha tugtha d'fhorbairt leathanbhanda ar chlároibre eacnamaíoch na Comhairle Contae. Féach Caibidil 4, Straitéisí do Chruthú Fostaíochta agus Forbairt Fiontar.

Go dtí na mallaibh, bhí Dún na nGall faoi mheasarthacht mhíbhuntáiste i ndáil le gréasáin chnámh droma ag teacht isteach sa Chontae. Anois, tá cnámh droma eile tógtha agus i mbun oibre ag BSL Telecom in Oirthear an Chontae mar mhalairt ar Eircom (an sealbhóir). Cuideoidh sé seo go mór le cumas iomaíochta agus teacht aniar agus beidh na bailte in Oirthear an Chontae ábalta níos mó sochair a fháil as chlár MAN.

Ach ní dócha go mbeidh soláthraí de chnámh droma leathanbhanda snáithíne ar fáil in Iarthar agus Tuaisceart an Chontae laistigh de dheich mbliana siocair go bhfuil daonra níos lú iontu agus an costas a bheadh i gceist lena leithéid d'infreastruchtú a thógáil.
Mar sin féin, tá réitigh leathanbhanda gan sreang thar a bheith fóirsteanach i dtimpeallacht den tsórt seo agus tá an Chomhairle ag iarraidh, mar pháirt den tionscadal 'Gréasan Seirbhísí Pobail', atá maoinithe ag IFI/INTERREG, tógáil ar ghréasán cnámh droma gan sreang a ghríosadh chun seirbhís a chur ar fáil in Iarthar agus Tuaisceart an Chontae. Tugtar Stua Leathanbhanda Atlantach an Iarthuaiscirt ar an ghréasán seo agus táthar ag súil go mbeidh sé réidh in 2006.

Sa bhliain 2004, críochnaíodh Gréasán Ceantair Uirbeach (MAN) Leitir Ceanainn agus tá gréasáin cosúil leis le bheith tugtha isteach ar fud an Chontae, ag tabhairt deis do

bhailte macasamhail Ard an Rátha, Bun Crannchа, Bealach Féich/Srath An Urláir, Béal Átha Seanaidh, Bun Dobhráin, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall, Dún Fionnachaidh, An Clochán Liath, Gaoth Dobhair, Na Cealla Beaga agus Leifear a bheith ceangailte.

TEILEACHUMARSÁID

Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le tionscal teileachumarsáide soghluaiste a fhorbairt agus comhoibreoidh siad le gníomhaireachtái soláthair chun nuachóiriú na ngréasán cumarsáide a éascú. Is í aidhm na Comhairle ná forbairt inbhuanaithe ordúil a sholáthar do bhonneagar teileachumarsáide ar fud an Chondae de réir na dTreoirlínte Rialtais is déanaí[2]. Tá caighdeáin a bhaineann le hiarratais ar struchtúir theileachumarsáide agus forbairtí choimhdeacha le fáil in Aguisín A, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Teicniúla.

POLASAÍ UIMH. TC 6: CUMARSÁID – LEATHANBHANDA

Is é polasaí na Comhairle ná soláthar bonneagair an leathanbhanda chuig gach earnáil sa Chondae a éascú, mar a leanas:

- An choimhlint do shéirbhisí snáithín agus leathanbhanda a fheabhsú laistigh den Chontae.
- Tacaíocht a thabhairt do leathadh an leathanbhanda ar fud an Chontae.
- A bheith ag obair i gcomhpháirtíocht chun deiseanna nascacht trasteorann a scrúdú.

STRUCHTÚIR AGUS CÓRAIS TEILEACHUMARSÁIDE.

POLASAÍ UIMH. TC 7:

Nuair a bheifear ag breithniú iarratais d'aeróga teileachumarasáide agus struchtúir tacaíochta, tabharfaidh an Chomhairle an aird chuí ar Threoirlínte atá foisithe ag an Rialtas i ndáil le hAeróga agus Struchtúir Tacaíochta Teileachumarsáide.

POLASAÍ UIMH. TC 8:

Ní amharcóidh an Chomhairle go fabhrach ar iarratais d'aeróga agus struchtúir tacaíochta teileachumarsáide i gceantair atá sannta mar Limisteir Conláiste Ardscéimhe seachas don fhorbairt ar Stua Leathanbhanda Atlantach an Iarthuaiscirt nó tograí dá mhacasamhail.

POLASAÍ UIMH. TC 9:

Ní amharcóidh an Chomhairle go fabhrach ar iarratais faoi choinne méadú airde nó leithead a dhéanamh ar d'aeróga agus struchtúir tacaíochta teileachumarsáide i gceantair atá sannta mar Limisteir Conláiste Ardscéimhe seachas don fhorbairt ar Stua Leathanbhanda Atlantach an Iarthuaiscirt nó tograí dá mhacasamhail.

POLASAÍ UIMH. TC 10:

Beidh an Chomhairle Chontae ag moladh d'iarrthóirí ag lorg aeróga agus struchtúir tacaíochta teileachumarsáidedul i gcomhairle le páirtithe leasmhara áitiúla sula gcuireann siad iarratas isteach ar mhaithe le himní áitiúil i ndáil le lonnú a leithéid a réiteach.

POLASAÍ UIMH. TC 11:

Amharcóidh an Chomhairle go fabhrach ar iarratais a chuideoidh le forbairt ar an Stua Leathanbhanda Atlantach an Iarthuaiscirt nó tograí dá mhacasamhail.

[2] 'Aeróga agus Struchtúir Tacaíocht Teileachumarsáide – Treoirlínte d'Údaráis Pleanála'. An Roinn Comhshaoil , Iúil 1996